

Bileog 3.4

Ar fáil ag: [03_04.mp3](#)

Úna Nic Gabhann ag cur síos ar cheolchoirm Leonard Cohen

Fan go bhfeice mé anois, cad é an eachtra is mó a chuaigh i bhfeidhm orm ar na mallaibh? Tá sé doiligh a rá, ó...*no* tá a fhios agam anois – ceolchoirm de chuid Leonard Cohen an samhradh seo a chuaigh thart. Oíche bhreá shamhraidh a bhí ann agus bhí sé ar siúl ar thalamh Phríosún Chill Mhaighneann. Bhí an t-atmaisféar ar dóigh agus an lucht féachana ar bís go gcuirfí tús leis an seó. Nuair a tháinig Leonard Cohen amach ar an stáitse (agus ar a hocht a chlog anois, ar an bhuile boise) bhí luí na gréine ina dhath órga taobh thiar dó, agus bheadh sé mar a bheadh stáitse maorga draíochtúil.

Measaim gurb é an teacht i láthair a bhí ag an fhear, gurb é sin an rud is mó a chuaigh go smior i ndaoine. Duine carasmatach, taitneamhach é agus ba léir gur dhuine séimh, macánta agus umhal a bhí i Leonard Cohen. Ba léir chomh maith go raibh sé féin ag baint an oiread suilt céanna as a beith ansin agus is a bhí an lucht éisteachta. An bhfuil a fhios agat... léirigh sé meas ar an lucht éisteachta agus ní hamhlaidh a bhíonn sé i gceolchoirmeacha mar sin i gcónaí. Cuireann sé isteach orm nuair a bhíonn ceoltóirí nó amhránaithe mór le rá borb nó sotalach ar an stáitse. Is é mo bharúil gur chuir Leonard Cohen duine muinteartha i gcuimhne do gach duine a bhí ag freastal ar an cheolchoirm, nó ar a laghad gur ghríosaigh sé mothúcháin dhoimhne mhaoithneacha i leith daoine a bhfuil grá nó cion agat dóibh.

Is iontach ar fad é nuair a théann a mhacasamhail d'ealaíon i gcion ort mar sin. Is doiligh an tsástacht sin a bhraitheann tú i láthair duine de na hamhránaithe is fearr leat ar domhan a shárú. Ní féidir liom a rá áfach gur bhraith feabhas na ceolchoirme ar phearsantacht Leonard Cohen amháin. Tá mé chomh tógtha sin lena ghuth agus cuireann focail a chuid amhrán faoi gheasa mé, is ionann na liricí agus filíocht i mo thuairimse. Tá chóir a bheith achan amhrán a d'eisigh sé ar eolas agam agus cuireann sé sin go mór le cé chomh tábhachtach, taitneamhach, gabh mo leithscéal, is atá ceolchoirm, ar ndóigh.

